# An Ghaeilge sa Bhaile / Irish at Home

## 4. Spreagadh agus Spraoi sa Bhaile / Fun at Home

## Introduction / Réamhrá

In school, your child is learning Irish as part of the *Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile*. This resource has been developed to help parents support their children as they learn Irish. Each tip sheet describes a range of activities which you can do with your child at home 'as Gaeilge'. These materials are designed to be fun and engaging for both parents and children.

There are 4 tip sheets in this resource. Each explores the opportunities for the use of Irish at home.

1. Irish All Around Me / An Ghaeilge Mórthimpeall Orm
2. Praise, Praise, Praise! / Mol an Óige agus Tiocfaidh Sí!
3. Speaking and Reading in Irish / Ag Labhairt is ag Léamh as Gaeilge
4. Fun at Home / Spreagadh agus Spraoi sa Bhaile

Audio clips have been recorded for certain sections of each tip sheet. This is indicated by a 🔊. Click on this icon to access the relevant audio clip on Sound Cloud. If there is no 🔊 next to a word and you are unsure of its pronunciation, use www.abair.ie.

Tá do pháiste ag foghlaim Gaeilge ar scoil mar chuid de *Churaclam Teanga na Bunscoile*. Cuireadh an acmhainn seo le chéile chun cabhrú le tuismitheoirí tacú lena bpáistí agus iad ag foghlaim na Gaeilge. Déanann gach bileog leide cur síos ar ghníomhaíochtaí is féidir leat a dhéanamh sa bhaile le do pháiste as Gaeilge. Ba chóir go mbainfeadh do pháiste agus tú féin sult as an ábhar seo agus go mbeadh an bhéim ar úsáid na Gaeilge.

Tá 4 bhileog leide san acmhainn seo. Díríonn gach ceann ar na deiseanna atá ann chun an Ghaeilge a úsáid sa bhaile.

1. An Ghaeilge Mórthimpeall Orm / Irish All Around Me
2. Mol an Óige agus Tiocfaidh Sí! / Praise, Praise, Praise!
3. Ag Labhairt is ag Léamh as Gaeilge / Speaking and Reading in Irish
4. Spreagadh agus Spraoi sa Bhaile / Fun at Home

Tá gearrthóga fuaime taifeadta do chuid mhaith den ábhar ar na bileoga leide seo. Cuirtear é seo in iúl leis an deilbhín 🔊. Cliceáil air seo chun an ghearrthóg a fháil ar Sound Cloud. Mura bhfuil deilbhín 🔊 in aice le focal agus má tá cabhair uait leis an bhfuaimniú, téigh chuig www.abair.ie.

## Spreagadh agus Spraoi sa Bhaile / Fun at Home

Thar aon rud eile, cuir am ar leataobh gach lá don spraoi! Tabharfaidh sé seo deis do do pháiste (agus duitse!) do scíth a ligean agus do chuid Gaeilge a úsáid ar bhealach spraíúil agus cruthaitheach.

Above all else, make time for fun each day! This will give your child (and you!) a chance to relax and use your Irish in a fun and creative way.

Bain triail as ceann amháin de na moltaí seo gach lá.

Try one of the following suggestions each day.



Tá bileoga leide eile ar fáil ag https://ncca.ie/ga/bunscoil/acmhainn%C3%AD-do-thuismitheoir%C3%AD
You can access more tip sheets at ncca.ie/en/primary/resources-for-parents

# Rainn / Rhymes

An cuimhin leat aon rann a d'fhoghlaim tú féin ar scoil? Cuir an cheist chéanna ar Mhamó agus ar Dhaideo.

Do you remember any rhymes you learned at school? Ask Granny and Grandad too.

- Abair na rainn le chéile.
- Déan bualadh bos agus an rann á rá agaibh.
- Abair an rann agus sibh ag léim le téad léimní.
- Cuir geáitsí leis na rainn.
- Déan rap leis na rainn.
- Abair an rann i nguthanna éagsúla.

- Say the rhyme together.
- Clap while you say the rhyme.
- Say the rhyme while you are skipping.
- Add actions to the rhymes.
- What about making it into a rap?
- Say the rhyme in different voices.

**1. Bí ag Ithe**

Bí ag ithe,
Bí ag ól,
Seas suas,
Suigh síos,
Slán go fóill.

**2. Is Maith Liom**

Is maith liom bainne,
Is maith liom ubh,
Is maith liom im,
Is maith liom subh.
Is maith liom cáis,
Is maith liom práta,
Is maith liom arán,
Is maith liom cáca.

**3. Aon, Dó, Trí, Ceathair, Cúig, Sé**

Aon, dó, trí, ceathair, cúig, sé,
Is maith liom bainne is cupán tae.
Is maith liom úlla is ceapairí,
Brioscaí, criospaí is bananaí buí.

**4. Is Maith Liom Bainne**

Is maith liom bainne,
Is maith liom tae,
Is maith liom arán,
Tabhair dom é.

**5. Puisín**

A haon, a dó, a trí,
Tá puisín ina luí.
Bígí ciúin, bígí ciúin,
Ná dúisígí í.

**6. Teidí Beag Buí**

Teidí beag buí,
Ina shuí ar an stól.
Teidí beag buí,
Ag ithe is ag ól.
Teidí beag buí,
Anseo i do shuí.
Teidí beag buí,
Teidí beag buí.

**7. Mise**

Mise an traein,
Puff, puff, puff.
Mise an madra,
Bhuf, bhuf, bhuf.
Mise an bus,
Bíp, bíp, bíp,
Mise an sicín,
Tsíp, tsíp, tsíp.

**8. Ag Déanamh Spraoi**

A haon, a dó,
A haon, a dó, a trí,
Caitín beag ina shuí.
A haon, a dó,
A haon, a dó, a trí,
Caitín beag ag déanamh spraoi.

**9. Buail Bos**

Buail bos,
Gread cos,
Cas timpeall,
Is glac sos.

**10. Lámh, Lámh Eile**

Lámh, lámh eile a haon, a dó.
Cos, cos eile a haon, a dó.
Ceann, srón, béal, smig,
Is fiacla bána im' bhéal istigh.

## Rabhlóga / Tongue Twisters

An cuimhin leat aon rabhlóg a d'fhoghlaim tú féin ar scoil? Bain súp agus triail as na cinn seo!

Do you remember any tongue twister you learned in school? Try out one of these!

- Cuir geáitsí leis na rabhlóga.
- Déan iarracht í a rá chomh sciobtha agus is féidir.
- Déan bualadh bos agus na rabhlóga á rá agaibh.
- An féidir an rabhlóg a rá le chéile?

- Add actions to the tongue twisters.
- Try saying it as fast as you can.
- Clap along while you say the tongue twister.
- Can you say the tongue twister together?

Bain triail as na rabhlóga thíos. Ní bheidh siad éasca!

Have a go at one of the tongue twisters below. It won't be easy!

1. Seacht sicín ina seasamh sa sneachta lá seaca.
2. Fástar fataí fada go fairsing le feamainn.
3. Bhí an bhean bheag bhocht breoite bruite leis an bhfuacht.
4. D'ith damh dubh ubh amh ar neamh.
5. Meallann muilte Dé go mall ach meallann siad go mion.

## Jócanna / Jokes

Bain triail as na jócanna seo a leanas. Déan gáire leo!

Try out some of these jokes below. Have a laugh!

1. Cnag cnag!
   Cé atá ann?
   Neilus
   Cé hé Neilus?
   Níl a fhios agam.

1. Knock knock!
   Who's there?
   'Neilus'
   'Neilus' who?
   'Níl a fhios agam' (I don't know!)

2. Cé mhéad duine a bhíonn i mbriogáid dóiteáin?
   Naonúr naonúr naonúr!

2. How many people are there in a fire brigade?
   (Say this out loud and it sounds like the fire brigade is coming towards you!)

3. Céard atá buí is dubh, is buí is dubh, is buí is dubh?
   Beach ag titim síos an staighre.

3. What is yellow and black, yellow and black, and yellow and black?
   A bee falling down the stairs.

**4.** Cén t-ainm a thugann tú ar choinín ag caitheamh mufaí cluaise?

Aon rud is mian leat! Níl sé in ann tú a chloisteáil!

**4.** What do you call a rabbit wearing ear muffs?

Anything you like, he can't hear you!

**5.** Cad a thugann tú ar shicín sa seomra ranga?

Ar strae!

**5.** What do you call a chicken in the classroom?

Lost!

## Dúcheisteanna / Riddles

An féidir an freagra a fháil ar na dúcheisteanna seo? Bain úsáid as teanglann.ie nó tearma.ie má tá tú in amhras faoi aon fhocal.

Can you figure out the riddles below? Use teanglann.ie and tearma.ie if there are any words you are unsure of.

**1.** Tá mé ard nuair atá mé óg. Tá mé íseal nuair atá mé sean.

Cad atá ann?...........................................................................

**1.** I am tall when I am young but short when I am old.

What am I? ...........................................................................

**2.** Tá lámha orm ach ní féidir liom bualadh bos.

Cad atá ann? ...........................................................................

**2.** I have hands but I can't clap.

What am I?...........................................................................

**3.** Bhí beirt mháithreacha agus beirt iníonacha amuigh le haghaidh lóin. D'ith gach duine ceapaire amháin ach san iomlán bhí 3 cheapaire ite.

Conas sin? ...........................................................................

**3.** Two mothers and two daughters went out for lunch. Each of them ate one sandwich. In total 3 sandwiches were eaten.

How did that happen?...........................................................................

**4.** Thit buachaill beag de dhréimire 30 méadar ach ní raibh sé gortaithe.

Conas sin? ...........................................................................

**4.** A boy fell from a ladder that was 30 metres but he wasn't injured.

How did that happen? ...........................................................................

**Freagraí:**

**1.** Coinneal **2.** Clog **3.** Chuaigh cailín amach le haghaidh lóin lena Mamaí agus a Mamó **4.** Thit sé den chéad chéim!

**Answers:**

**1.** A candle **2.** A clock **3.** A girl went out for lunch with her Mammy and Granny. **4.** He fell off the first step!

## Seanfhocail agus Nua-Fhocail! / Old Proverbs and New Proverbs!

| | |
|---|---|
| Léigh na seanfhocail thíos le chéile. | Have a read of the proverbs below. |
| • An cuimhin leat aon seanfhocal a d'fhoghlaim tú ar scoil?<br>• Déan pictiúr den seanfhocal sin.<br>• Athraigh an seanfhocal píosa agus cum nua-fhocal! | • Do you remember any proverbs you learned at school?<br>• Draw a picture to explain a proverb that you really like.<br>• Change one part of the old proverb and come up with a new proverb! |
| **1.** Níl aon tinteán mar do thinteán féin.<br>Níl aon ..................... mar do ..................... féin. | **1.** There is no place like home. |
| **2.** An rud is annamh is iontach.<br>An rud is ..................... is ..................... . | **2.** What's rare is wonderful. |
| **3.** Tús maith leath na hoibre.<br>..................... maith leath ..................... . | **3.** A good start is half the work. |
| **4.** Ní thagann ciall roimh aois.<br>Ní thagann ..................... roimh ..................... | **4.** Sense doesn't come before age. |
| **5.** Aithníonn ciaróg ciaróg eile.<br>Aithníonn ..................... ..................... eile. | **5.** It takes one to know one. |

## Cuir Agallamh ar Dhuine / Interview Someone

| | |
|---|---|
| Roghnaigh duine agus cuir agallamh orthu. B'fhéidir go bhfaighidh tú amach eolas nua fúthu! | Choose someone to interview. You might find out some new things about them! |
| • B'fhéidir gur mhaith leat na ceisteanna a chur ar do Chara Comhrá.<br>• B'fhéidir gur mhaith leat na ceisteanna a chur ar Mhamó nó ar Dhaideo nó ar dhuine eile sa chomharsanacht.<br>• Bain úsáid as teanglann.ie nó tearma.ie má tá tú in amhras faoi aon fhocal. | • Maybe you would like to interview your 'Cara Comhrá' (Conversation Friend).<br>• Maybe you would like to interview Granny or Grandad or someone else in the neighbourhood.<br>• Use teanglann.ie and tearma.ie if there are any words you are unsure of. |
| Céard é d'ainm iomlán? | What is your full name? |
| An bhfuil aon chaitheamh aimsire agat? | Do you have any hobbies? |
| Cén bia is fearr leat? | What is your favourite food? |
| Cá raibh tú ar laethanta saoire? | Where did you go on holidays? |
| Cá bhfuil tú i do chónaí? | Where do you live? |
| An bhfuil aon deirfiúr agat? | Do you have any sisters? |
| An maith leat brocailí? | Do you like broccoli? |
| Inis dom scéal greannmhar fút. | Tell me a funny story about yourself. |



primary developments
forais sa bhunscolaíocht
NCCA

## Cluichí Beaga ó Bhéal / Play Some Oral Language Games

| Bain triail as ceann de na cluichí thíos. | Have a go at one of the following games. |
| --- | --- |
| **1.** Feicim le mo shúilín rud a thosaíonn le ... | **1.** I Spy<br>If you know how to play 'I Spy' in English, why not try it out in Irish. |
| **2.** Leadógfhocal<br>Roghnaigh téama, mar shampla, Éadaí.<br>"Labhróimid faoi X."<br>Abair an méid foclóra atá ar eolas agat faoin téama sin.<br>Bain úsáid as an bhfoclóir nó teanglann.ie nó tearma.ie le cabhrú leat.<br>Cosúil le cluiche leadóige, beidh sibh ag dul ó dhuine go duine ag ainmniú ball éadaigh nua gach uair. | **2.** Word Tennis<br>Choose a topic, for example, Clothes.<br>"Let's talk about X."<br>Say all the vocabulary you know about clothes.<br>You can use the dictionary or on teanglann.ie or tearma.ie if you need some help.<br>Just like a tennis match, you will go back and forth naming a new piece of clothing or related vocabulary. |
| **3.** Bog má tá... (Léim, Suigh, Seas srl.)<br>"Bog má tá sciorta / gúna / riteoga ort."<br>"Bog má tá ocras / tart / tuirse ort." | **3.** Move if... (Jump, Sit, Stand if...)<br>"Move if you are wearing a skirt / a dress / tights."<br>"Move if you are hungry / thirsty / tired." |

| | |
| --- | --- |
| Tá tuilleadh smaointe maidir le gníomhaíochtaí spraíúla is féidir a dhéanamh sa bhaile sa leabhar Sceitimíní anseo.[1] | There are more ideas for fun things to do at home as Gaeilge in Sceitimíní here.[1] |
| Tá tuilleadh gníomhaíochtaí bunaithe ar leabhair chomhaimseartha Ghaeilge ar fáil i Scéalta den Scoth anseo.[2] | There are more suggestions for fun activities based on contemporary Irish-language books in Scéalta den Scoth here.[2] |
| Tá tuilleadh frásaí ar fáil sa leabhrán Déan Comhrá seo.[3] | There are more phrases as Gaeilge in this Déan Comhrá booklet.[3] |

## Nóta / Note

| | |
| --- | --- |
| Dóibh siúd le cóip chrua den áis seo, is iad seo a leanas na naisc atá luaite ar an mbileog leide seo. | For those with a print-out of this resource, here is a list of the links referenced on this tip sheet. |

1. https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Sceitim%C3%ADn%C3%AD-Gn%C3%ADomha%C3%ADochta%C3%AD-Gaeilge-agus-Dr%C3%A1ma%C3%ADochta-Leagan-don-Idirl%C3%ADon.pdf
2. https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/LEAGAN-DEIREANACH-A4-web.pdf
3. https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2018/11/A5-booklet-11.pdf

## Bain súp as do chuid Gaeilge a úsáid sa bhaile! / Enjoy using your Irish at home!

Arna fhorbairt i gcomhar le Claire Dunne, Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath
Developed in collaboration with Claire Dunne, Marino Institute of Education, Dublin.